# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 300 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Treoracha d'iarrthóirí:**

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6 *agus*
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair codanna A, B agus C, as gach ceann de **dhá** thopaic.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Baghcat bus Montgomery, 1956***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) I ndoiciméad A, cé hiad na daoine ar cuireadh iompar ar fáil dóibh?

   (b) I ndoiciméad A, cén ról a bhí ag na séipéil sa bhaghcat?

   (c) Cén fhianaise atá i ndoiciméad A gur oibrigh an lucht eagraithe go crua?

   (d) De réir dhoiciméad B, conas a bailíodh airgead?

   (e) Ó dhoiciméad B, conas a d’fhreagair na póilíní do na hoibrithe deonacha?

(40)

2. (a) An maítear sa dá dhoiciméad gur eagraigh oibrithe deonacha an baghcat? Tagair don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is fearr a thugann míniú ar na deacrachtaí a bhí le sárú acu siúd a bhí páirteach sa bhaghcat? Tagair don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Tabhair cúis a mhíníonn an fáth ar foinse phríomhúil é doiciméad A.

   (b) Cad é tuairim amháin a léirigh an staraí i ndoiciméad B? An gceapann tú go soláthraíonn Doiciméad B fianaise a thacaíonn leis an tuairim sin? Mínigh do fhreagra. (20)

4. Cén pháirt a ghlac Martin Luther King i mbaghcat bus Montgomery?

(20)

## – Doiciméad A –

**Sa sliocht coimrithe seo tugann Rufus Lewis chun cuimhne an pháirt a ghlac sé in eagrú an chórais charr-roinnte le linn bhaghcat bus Montgomery, 1956.**

Thugamar grúpa oibrithe deonacha le chéile chun iompar a sholáthar do dhaoine nach raibh ag taisteal ar na busanna.

Úsáideadh na séipéil mar ionaid chun daoine a phiocadh suas agus iad a thiomáint chun na hoibre. Bhí ionaid againn i gceantair gheala freisin chun daoine a phiocadh suas agus iad a thiomáint abhaile ón obair. D'oibríomar de ló is d'oíche ag déanamh teagmhála leo siúd a raibh carranna acu agus a bheadh toilteanach páirt a ghlacadh sa chóras carr-roinnte.

Bhí fadhbanna ann. Bhí faitíos ar roinnt daoine gorma go rabhthas ag dul rófhada leis an scéal. Bhí imní ar dhaoine eile faoina gcuid jabanna. Ach, nuair a bhí an baghcat faoi lán seoil, d'fhreagair an pobal gorm ina iomláine ar bhealach dearfach.

Foinse: David J. Garrow, *The Walking City: The Montgomery Bus Boycott, 1955-1956* (Nua-Eabhrac: Carlson Publishing, 1989).

## – Doiciméad B –

**Sa sliocht coimrithe seo tráchtann staraí ar bhaghcat bus Montgomery.**

Bhunaigh siad siúd a chuir baghcat bus Montgomery ar siúl córas carr-roinnte chun iompar a chur ar fáil do Mheiriceánaigh Afracacha chuig an obair agus ar ais, rud a bhí thar a bheith tábhachtach má bhí rath le bheith ar an mbaghcat.

Bhí an córas carr-roinnte ag brath ar oibrithe deonacha agus ar a gcuid feithiclí. Bhí sé á eagrú ag riarthóirí cumasacha agus cúnamh á fháil aige ó mhóriarracht tiomsaithe airgid.

Dhírigh na póilíní a n-aire ar thiománaithe deonacha, á stopadh agus á gceistiú faoina gceadúnais agus a gcuid árachais. Tugadh ticéid do mhórán acu i dtaca le cionta tráchta líomhnaithe.

Ar an iomlán, ba shampla iontach é an baghcat de sheiftiúlacht agus de chumas eagrúcháin phobal gorm Montgomery.

Foinse: Simon Hall, *1956: The World in Revolt* (Londain: Faber & Faber, 2016).

# ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht coimrithe seo le Asenath Nicholson. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chaith Asenath Nicholson ó mhí an Mheithimh, 1844 go dtí mí Iúil, 1845, agus í ar a céad turas go hÉirinn, ag taisteal de shiúl na gcos den chuid ba mhó ach freisin ar bhád, ar charr cliathánach agus ar charr asail. Dháil sí Bíoblaí Béarla agus Gaeilge araon.*

*D'oibrigh sí go dlúth le gníomhaireachtaí fóirithinte de chuid Chumann na gCarad agus le siúracha na Toirbhearta.*

*Mar chuid den obair a rinne sí leis na bochtáin, thaispeáin sí dóibh conas an mhin arbhair a tugadh dóibh mar fhóirithint a chócaráil, mar nár fhéad mórán díobh na hoidis maidir le húsáid na mine a leanúint, ná a léamh fiú.*

Foinse: Acadamh Ríoga na hÉireann, *Dictionary of Irish Biography, Imleabhar 6* (Cambridge: CUP, 2009).

1. Cad é an príomh-mhodh taistil a bhí ag Asenath Nicholson?
2. Cad a dháil Asenath Nicholson?
3. Cé leis ar oibrigh Asenath Nicholson go dlúth?
4. Cén fáth ar theastaigh cúnamh ó na bochtáin leis na hoidis don mhin arbhair?
5. Go hachomair, cén bhaint a bhí ag Charles Trevelyan leis an nGorta Mór?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tuath na hÉireann in 1815.
2. William Carleton.
3. Cogadh na nDeachúna.
4. Imirce as Éirinn, 1815-1870.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na bealaí ar éirigh le Dónall Ó Conaill agus ar theip air ina ghairmréim pholaitiúil?
2. Cad a chuir Tomás Dáibhis agus/nó James Stephens le gnóthaí na hÉireann?
3. Cad iad na cinntí a rinneadh ag Sionad Dhurlais, 1850, maidir leis an Eaglais Chaitliceach?
4. Conas a chuir William Dargan le forbairt eacnamaíoch in Éirinn?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht coimrithe seo as óráid a thug Edward Carson i dTeach na dTeachtaí ar an tríú Bille Rialtas Dúchais i mí Feabhra 1914. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá Cúige Uladh i gceist go mór sa chonspóid seo faoin Rialtas Dúchais, de bhrí go bhfuil lámh dheas an-láidir aige agus nach gcuirfear iallach air dul isteach i Rialtas Dúchais as Baile Átha Cliath.*

*Ach chomh maith le Cúige Uladh, tá Aontachtaithe sa Deisceart agus san Iarthar freisin a bhfuil an oiread céanna fuatha acu don Bhille seo agus atá ag an muintir seo againne i gCúige Uladh, agus a throidfeadh go fonnmhar faoi mar a throidfeadh muidne i gCúige Uladh, dá mbeadh dóthain daoine acu.*

*Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag cur i gcoinne an Bhille seo go dtí an deireadh ar fad. Má dhéanann sibh iarracht muintir Chúige Uladh a chur isteach i bParlaimint i mBaile Átha Cliath in aghaidh a dtola, beidh mise ag tacú go deireadh leis na daoine sin i gCúige Uladh lena bpolasaí frithbheartaíochta.*

Foinse: HC Deb., an 5ú Sraith, Imleabhar 58, Col. 175-6 (Hansard) 11 Feabhra 1914. Ar fáil ag https://api.parliament.uk/historic-hansard/commons/1914/feb/11/government-of-ireland-bill

1. Cén fáth a bhfuil Cúige Uladh ‘i gceist go mór’ sa chonspóid faoin Rialtas Dúchais?
2. Seachas Cúige Uladh, cad iad na háiteanna eile in Éirinn ina bhfuil Aontachtaithe atá i gcoinne an Bhille?
3. De réir Carson, cad a choiscfeadh ar na haontachtaithe eile sin dul i mbun troda?
4. De réir an tsleachta, an bhfuil Carson sásta tacú le frithbheartaíocht Chúige Uladh i gcoinne Rialtas Dúchais? Tabhair fáth le do fhreagra.
5. Cén fáth nár tháinig an tríú Bille Rialtas Dúchais i bhfeidhm níos déanaí in 1914?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chéad Bhille Rialtas Dúchais, 1886.
2. Longchlóis Bhéal Feirste.
3. Conradh na Gaeilge.
4. Céadpháirtí Shinn Féin.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Parnell agus/nó Davitt leis an ngluaiseacht ar son leasú chóras na talún?
2. Cad iad na forbairtí móra a tharla laistigh de CLG idir 1884 agus 1891?
3. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington leasuithe do mhná?
4. Cad iad na cúinsí a raibh stailc agus frithdhúnadh 1913 mar thoradh orthu?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as litir ó Phádraic Mac Piarais chuig a mháthair as Beairic Chnoc an Arbhair, áit a raibh sé i ngéibheann i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, 1916. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tráthnóna Dé hAoine cuireadh Oifig an Phoist (GPO) trí thine agus bhí orainn í a thréigean. Ritheamar isteach i Sráid an Mhúraigh agus d'fhanamar sna tithe ansin go dtí an iarnóin ar an Satharn. Chonaiceamar ag an am sin go rabhamar timpeallaithe ag saighdiúirí, agus ní raibh aon bhia againn. Ionas nach ndéanfaí tuilleadh sléachta ar an bpobal sibhialtach, shocraíomar go n-iarrfaimis ar an nGinearál a bhí i gceannas ar Fhórsaí na Breataine téarmaí a phlé. D'fhreagair sé go mbuailfeadh sé liom dá ngéillfinn gan choinníoll, agus rinne mé sin.*

*Tugadh anseo tráthnóna Dé Sathairn mé, agus ina dhiaidh sin tugadh na fir go léir a bhí i Sráid an Mhúraigh anseo. Tá súil againn go ligfidh an rialtas a mbeo lenár lucht leanúna ach níl aon tsúil againn go ligfear a mbeo leis na ceannairí. Táimid ullamh chun bás a fháil agus gheobhaimid bás go croíúil agus go bródúil. Tá onóir na hÉireann agus ár n-onóir féin caomhnaithe againn. Beidh rudaí crua le rá ag daoine fúinn anois, ach cuimhneoidh na glúnta atá le teacht orainn agus beannóidh glúnta nár rugadh go fóill muid.*

Foinse: P.H. Pearse, Letter to his mother, 1 Bealtaine 1916, WO71/45, National Archives (An Ríocht Aontaithe) luaite in John Bowman (eagarthóir), *Ireland: The Autobiography* (Londain: Penguin Books, Random House, 2017).

1. Cén fáth ar thréig an Piarsach agus a chomrádaithe Ardoifig an Phoist?
2. Cathain a tugadh an Piarsach chuig Beairic Chnoc an Arbhair?
3. An bhfuil faitíos ar an bPiarsach agus ar a chomrádaithe roimh an mbás? Tabhair fáth le do fhreagra.
4. De réir an Phiarsaigh, cén dearcadh a bheidh ag na glúnta atá le teacht ar a ngníomhartha?
5. Cad ab ea teoiric "na híobartha fola", a luadh le Pádraic Mac Piarais?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Chuntaois Markievicz.
2. Toghchán 1918.
3. Comhdháil Chorp Chríost, 1932.
4. Evie Hone.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na téarmaí a comhaontaíodh sa Chonradh Angla-Éireanach, Nollaig 1921?
2. Ar éirigh le hÉamon de Valera nó ar theip air ina ghairmréim pholaitiúil, 1917-1945?
3. Cad a bhain W.T. Cosgrave amach mar cheannaire an rialtais, 1923-1932?
4. Conas a bhí an saol ag muintir Bhéal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, scríobhann Domhnall Mac Amhlaigh, imirceach Éireannach, faoina chuid eachtraí i Sasana. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Áit bheag is ea Daventry agus níl sé ródheas. Téann formhór na ndaoine isteach go Northampton, dhá mhíle dhéag ar shiúl, chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh. Bhí orm éirí ag a sé chun an bus a fháil ag a seacht. Is ar éigean a bhí am agam cupán tae a shlogadh siar sular fhág mé le dul chun na hoibre.*

*Chomh luath agus a fuair mé an jab, cuireadh ag tochailt trinse mé. Bhí leaid óg as ceantar an Spidéil (Gaillimh) sa trinse in éineacht liom. Bhain mé geit as nuair a labhair mé leis go tobann i nGaeilge! Sílim go bhfuil níos mó Gaeilge á labhairt thart sna bólaí seo ná mar atá á labhairt in aon bhaile mór in Éirinn. Fanann na hÉireannaigh le chéile agus is beag teagmháil shóisialta a bhíonn acu leis na Sasanaigh.*

Foinse: Domhnall Mac Amhlaigh, *Dialann Deoraí* aistrithe ón nGaeilge ag Valentin Iremonger mar: *An Irish Navvy: the Diary of an Exile* (Londain: Routledge and Keegan Paul, 1964).

1. De réir Mhic Amhlaigh, cén cineál áite é Daventry?
2. Cá dtéann formhór na ndaoine as Daventry chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh?
3. Cén cineál oibre a tugadh do Mhac Amhlaigh?
4. Cén teanga inar labhair Mac Amhlaigh leis an bhfear ón Spidéal?
5. Cén fáth a ndeachaigh go leor Éireannach ar imirce chuig an mBreatain sna 1950idí?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Imirce Ultach-Albanach go Meiriceá Thuaidh.
2. Na Molly Maguires.
3. Boss Croker.
4. Maureen O'Hara.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Grosse Isle i ngleic le teacht na n-imirceach Éireannach in aimsir an Ghorta Mhóir?
2. Cad a bhí súil ag de Valera a bhaint amach i Meiriceá, mí an Mheithimh 1919-mí na Nollag 1920?
3. Cad a chuir Joe Kennedy agus/nó John F. Kennedy leis an diaspóra?
4. Cad a bhain an tArdeaspag Daniel Mannix agus/nó an Mháthairab Mary Martin amach?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann paratrúipéir Briotanach cur síos ar a bheith ar patról i héileacaptar faoin tuath i nDeisceart Ard Mhacha. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Seiceálaim mo chuid trealaimh: léarscáil, compás, raidhfil, armlón agus, ar deireadh, labhraím le m'oibritheoir raidió go bhfeicfidh mé an bhfuil gach rud aigesean.*

*Laistigh de chúpla soicind táimid san aer, ag gluaiseacht os íseal os cionn na talún, ag seachaint línte cumhachta agus línte teileafóin.*

*Táimid ag gluaiseacht síos i dtreo shráidbhaile Bhaile Mhic Cullach, atá suite díreach ar an teorainn leis an bPoblacht. Casann an héileacaptar timpeall go dlúth, íslíonn agus tuirlingíonn. A luaithe agus atáimid ar an talamh, as go brách linn ag rith, na gunnaí socraithe chun lámhaigh.*

Foinse: Bunaithe ar ábhar in Keith Jeffery (eagarthóir), *The Divided Province: the Troubles in Northern Ireland, 1969-1985* (Londain: Orbis Publishing Ltd., 1985).

1. Conas a d'fhan na paratrúipéirí i dteagmháil lena gceanncheathrú?
2. Cén cineál iompair a bhí in úsáid?
3. De réir an tsleachta, cá bhfuil Baile Mhic Cullach suite?
4. A luaithe agus a thuirling siad, cad a rinne na paratrúipéirí?
5. Cad iad na cúinsí ba chúis le trúpaí Briotanacha a bheith á gcur ar patról i dTuaisceart Éireann in 1969?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tionchar Stáit Leasa Shóisialaigh.
2. Con agus Patricia McCluskey.
3. Teacht chun cinn an IRA Shealadaigh.
4. James Molyneaux.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhí á cheiliúradh ag Printísigh Dhoire agus cén fáth ar bhain conspóid lena gceiliúradh?
2. Cad a comhaontaíodh ag Sunningdale agus cén fáth ar theip ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta?
3. Conas a chuaigh Ian Paisley agus/nó John Hume i gcion ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?
4. Conas a d'fhreagair Poblacht na hÉireann do na "Trioblóidí" i dTuaisceart Éireann?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tugtar chun cuimhne an oíche ar oscail an tseirbhís nua teilifíse (RTÉ) Oíche Chinn Bliana, 1961. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ag 7pm ar Oíche Chinn Bliana, 1961, thosaigh RTÉ, an tseirbhís nua teilifíse, ag craoladh le haitheasc ón Uachtarán de Valera. Dúirt sé, "Caithfidh mé a admháil go dtagann roinnt faitís orm uaireanta nuair a smaoiním ar an teilifís agus ar an gcumhacht ollmhór atá aici. Ní raibh uirlis chomh tábhachtach i lámha an chine dhaonna riamh chun tionchar a imirt ar smaointe agus ar ghníomhartha na ndaoine. Féadann sí eolas a thabhairt agus carachtar an phobail ina iomláine a thógáil. Ar an lámh eile, féadann sí a mhalairt a dhéanamh."*

*Sa chéad uair an chloig den bhliain nua, 1962, bhí an Cairdinéal D'Alton le feiceáil ar an scáileán agus fáilte á cur aige roimh an tseirbhís nua. Mhol sé do thuismitheoirí gan ligean dá gcuid páistí a bheith gafa go hiomlán leis an teilifís, ba chuma cé chomh maith agus a bheadh clár faoi leith.*

Foinse: Fergal Tobin*, The Best of Decades: Ireland in the 1960s* (Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 1996*).*

1. Cathain a thosaigh an tseirbhís nua teilifíse ag craoladh?
2. Cérbh é an chéad duine a bhí le feiceáil ar an scáileán teilifíse?
3. Cén fáth a raibh 'roinnt faitís' ar an Uachtarán de Valera roimh an teilifís?
4. Cén chomhairle a thug an Cairdinéal D'Alton do thuismitheoirí?
5. Go hachomair, mínigh bealach amháin ar chuir RTÉ leis an athrú i sochaí na hÉireann?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe san oideachas, 1949-1989.
2. Rannpháirtíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe.
3. Tionchar an Dara Comhairle Vatacánach.
4. Garret FitzGerald.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag an gCéad Chlár um Fhorleathnú Geilleagrach, 1958-63, ar shochaí na hÉireann?
2. Ar chuidigh ballraíocht sa CEE le forbairt iascaireacht na hÉireann nó ar chuir sí bac uirthi? Áitigh do chás.
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi ról na mban i sochaí na hÉireann ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: athrú ag teacht ar stádas na mban; Sylvia Meehan; Mary Robinson?
4. Cad a bhain Charles Haughey amach mar Thaoiseach?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo scríobhann an staraí Denis Richards faoi thitim Metternich agus faoi Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ba dhíol iontais iad réabhlóidí 1848 mar gur tharla siad go tobann. Shroich an nuacht faoi thitim na monarcachta sa Fhrainc Vín ar an 1 Márta agus dhá lá dhéag ina dhiaidh sin bhí Metternich, a raibh daichead bliain taithí mar státaire aige, ag teitheadh as Vín 'mar a bheadh coirpeach ann.'*

*Nuair a fuarthas amach faoi thitim Metternich, tionóladh roinnt cruinnithe poiblí agus aitheasc ar son leasaithe i mBeirlín nó gur glaodh isteach ar thrúpaí i ndeireadh na dála chun lámhach a dhéanamh agus na sráideanna a ghlanadh. Níor thaitin leis an Rí Feardorcha Liam go mbeadh gníomhartha den chineál sin á ndéanamh ag na trúpaí, agus eisean an-tugtha don tsíocháin. Ar an 18 Márta d'aontaigh sé le bunreacht nua agus le parlaimint don Ghearmáin ina hiomláine. Ach tharla caismirt eile idir léirsitheoirí agus trúpaí san iarnóin agus, i gceann uaireanta an chloig, bhí réabhlóid ar siúl i mBeirlín.*

Foinse: Denis Richards, *Modern Europe, 1789-1984* (Londain: Longman Group Ltd., 1977).

1. Cén díol iontais a bhain le réabhlóidí 1848?
2. De réir an tsleachta, conas a theith Metternich as Vín?
3. Conas a glanadh na sluaite de shráideanna Bheirlín?
4. Cad iad na leasuithe ar thoiligh an Rí Feardorcha Liam iad a thabhairt isteach?
5. Ar bhain na réabhlóidithe amach a gcuid aidhmeanna sa Ghearmáin? Mínigh do fhreagra go hachomair.

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Napoléon III.
2. Athruithe ar chúrsaí talmhaíochta, 1815-1871.
3. Athruithe ar chúrsaí tionsclaíochta, 1815-1871.
4. Victor Hugo.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe a chuir Haussmann ar chathair Pháras?
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Giuseppe Mazzini agus cad a d'éirigh leis a bhaint amach?
3. Cad a chuir Feargus O'Connor agus/nó Robert Peel le gnóthaí Shasana?
4. Cad a bhí nua agus éagsúil faoi shráidbhaile eiseamláireach Robert Owen in New Lanark?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo as a '*War Memoirs*', tráchtann an tIar-Phriomh-Aire David Lloyd George ar mhná san fhórsa saothair le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 16 Iúil 1915, bhí taispeántas mór ban ar son an chogaidh ar siúl. Mháirseáil na mílte ban ar feadh na mílte bealaigh ar shráideanna Londan tríd an láib agus tríd an mbáisteach. Bhí toscaireacht in éineacht leo agus chas an toscaireacht sin liomsa mar Aire Muinisean (Soláthairtí) chun a gcuid seirbhísí a thairiscint ar son iarracht an chogaidh.*

*D'éiligh a gceannaire, Mrs Pankhurst, go dtabharfaí cead do na mná a bheith páirteach in obair chogaidh. D'iarr sí freisin go n-íocfaí pá leo a thabharfadh cosaint dá gcaighdeán maireachtála agus a thabharfadh cosaint dóibh ó dhúshaothrú ag fostóirí.*

Foinse: David Lloyd George, *War Memoirs, 1914-1915* (Londain: Odhams Press, 1938).

1. Cathain a bhí an mháirseáil ar siúl?
2. Cé a ghlac páirt sa mháirseáil?
3. Cén ról a bhí á lorg ag Mrs. Pankhurst do mhná?
4. Cén chosaint a bhí á lorg aici do mhná?
5. Go hachomair, cén cineál oibre a rinne mná le linn an Chéad Chogadh Domhanda?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Luathstair an ghluaisteáin.
2. Frith-Sheimíteachas sa Fhrainc nó sa Rúis.
3. Wilfred Owen.
4. Rosa Luxemburg.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén teannas a tháinig chun cinn idir an Eaglais agus an Stát sa Ghearmáin agus/nó san Iodáil?
2. Cad iad na bealaí ar fhreagair Leo XIII d'fhadhbanna shochaí na tionsclaíochta?
3. Cén polasaí cabhlaigh a bhí ag Wilhelm II agus cén fáth ar scanraigh sé rialtas na Breataine?
4. Conas a chuir Woodrow Wilson leis an gcogaíocht agus leis an tsíocháin san Eoraip?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.*

Sa sliocht coimrithe seo as nuachtán de chuid na Naitsithe, *Völkischer Beobachter*, tráchtar ar shlógadh in Nurnberg. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is cúram mór é áiseanna codlata a fháil do na mílte ball den pháirtí. Tá cóiríocht chodlata i monarchana agus i scoileanna. Ceannaíodh líon mór frámaí leapa iarainn agus tochtanna. Is féidir iad a stóráil agus a úsáid gach bliain.*

*Tá a chistin mhachaire féin ag gach grúpa. Ceannaítear an bia an fhad agus is féidir roimh ré. Déanann lárchoiste amháin an ceannach go léir. Le linn an tslógaidh, fanann na bialanna go léir ar oscailt de ló is d'oíche, ach ní dhéantar aon deoch mheisciúil a riar i ndiaidh meán oíche.*

Foinse: Luaite in H.T. Burden, *The Nuremberg Party Rallies* (Londain: Pall Mall Press, 1967).

1. Cad a bhí mar 'chúram mór'?
2. Cá háit a bhfuarthas cóiríocht chodlata?
3. Cén éifeachtúlacht a léirítear maidir le bia a fháil?
4. Cén srian a cuireadh ar bhialanna?
5. Cad a chuir Leni Riefenstahl le Slógaí Nurnberg?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. Polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939.
3. Comhghuaillíochtaí cogaidh, 1939-1945.
4. An tUileloscadh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair an caidreamh idir an Eaglais agus an Stát faoi Mussolini agus/nó Hitler?
2. Cén fáth ar tharla Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, agus ar éirigh léi nó ar theip uirthi?
3. Cad iad na hathruithe sóisialta agus eacnamaíochta a chuir Stalin i gcrích sa Rúis Shóivéadach?
4. Cad a chuir Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby leis an gcultúr coiteann Angla-Mheiriceánach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann Sir Frank Roberts, taidhleoir de chuid na Breataine, machnamh ar Nikita Khrushchev. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ag fáiltiú amháin sa Chreimil tugadh rabhadh dom roimh ré go raibh Khrushchev díreach i ndiaidh óráid a thabhairt a bhí cineál maslach do na Briotanaigh. Bhí sé ar intinn agam a bheith an-fhuar leis.*

*Phioc sé amach ar an bpointe mé agus, os comhair na n-aíonna go léir a bhí bailithe ansin, bhí sé cairdiúil, agus é ag admháil gur mhinic a dúirt sé rudaí nár cheart dó a rá.*

*Ansin thug sé barróg mhór dom agus ag deireadh an chruinnithe bhíomar ag ól sláinte a chéile le branda, cé go raibh dianorduithe faighte aige óna dhochtúir, ag an am sin, gan an deoch sin a ól.*

Foinse: Martin McCauley (eagarthóir), *The Khrushchev Era* (Londain: Longmans, 1995).

1. Cá raibh an fáiltiú ar siúl?
2. Cén cineál óráide a thug Khrushchev?
3. Cad a d'admhaigh Khrushchev do Sir Frank Roberts?
4. Conas a chríochnaigh an cruinniú?
5. Cad ab ea polasaí 'na cómhaireachtála síochánta' a luaitear le Khrushchev?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Dara Comhairle Vatacánach.
2. Dul chun cinn sna heolaíochtaí bitheacha.
3. Alexander Solzhenitsyn.
4. John Lennon.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le hÉirí Amach na hUngáire in 1956, agus conas a d'fhreagair an Rúis Shóivéadach?
2. Conas a chuaigh Géarchéim na hOla 1973 i gcion ar gheilleagar an Iarthair idir 1973 agus 1992?
3. Cad a chuir Jean Monnet agus/nó Jacques Delors le haontacht na hEorpa?
4. Cad iad na bealaí a ndearna Mikhail Gorbachev iarracht leasú a dhéanamh ar an gcóras Cumannach sa Rúis Shóivéadach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Déantar trácht sa sliocht coimrithe seo ar theannas sóisialta sa Bhreatain. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*I lár mhí Aibreáin, 1981, tharla caismirtí tromchúiseacha in Brixton, bruachbhaile ilchiníoch i ndeisceart Londan, ina raibh droch-chaidreamh idir an pobal agus na póilíní go stairiúil agus ráta ard dífhostaíochta, go háirithe i measc fir óga ón gcine gorm.*

*Gortaíodh beagnach 300 póilín agus na scórtha de mhuintir an phobail, agus scrios tine fiche a hocht foirgneamh nó rinne sí damáiste dóibh.*

*I ndiaidh na n-eachtraí mí-ordúla sin tharla agóidí in Toxteth i Learpholl i mí Iúil, chomh maith le trioblóidí níos lú i Manchain, Birmingham agus Leeds, agus briseadh amach eile in Brixton.*

Foinse: David Cannadine, *Margaret Thatcher: A Life and Legacy* (Oxford: OUP, 2017).

1. De réir an tsleachta, cathain a tharla 'caismirtí tromchúiseacha' in Brixton?
2. Cén toradh a bhí ar na caismirtí in Brixton?
3. Seachas Londain, cad iad na cathracha móra eile sa Bhreatain inar tharla caismirtí?
4. Ar fhan Brixton ciúin i ndiaidh mhí Aibreáin, 1981? Tabhair fáth le do fhreagra.
5. Go hachomair, cad ab ea 'glúin Windrush'?

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aistarraingt na Breataine ón India, 1945-1947.
2. Charles de Gaulle.
3. Coinbhinsiúin Lomé.
4. Nadine Gordimer.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na bealaí ar fhreagair David Ben-Gurion don choimhlint idir na hArabaigh agus Iosrael?
2. Cad ab ea polasaí ujamaa Julius Nyerere agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis?
3. Cén pháirt a ghlac Ho Chi Minh agus/nó Achmad Sukarno i stair a dtíre?
4. Conas a rinneadh sochaí ilchiníoch den Fhrainc agus conas a chuaigh a rialtas i ngleic le fadhbanna sa chaidreamh ciníoch sna 1980idí?

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN